# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

## An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Fraincis

## Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

# SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2014

## Scéim Mharcála: Fraincis - Ardleibhéal

**Nóta míniúcháin:**

Sa Scéim Mharcála seo,
léiríonn **pointe le hurchair** freagra ar fiú iomlán na marcanna é,
léiríonn **dais** freagra ar fiú cuid de na marcanna é nó 0 marc, agus
léiríonn **lúibíní cruinne** ábhar nach mbaineann le hábhar nach ngearrfar pionós air.

## SECTION I COMPRÉHENSION ÉCRITE (120 marc)

Tá feidhm leis na pointí ginearálta seo a leanas sa dá **Léamhthuiscint**:

Ní mór ceisteanna a bhfuil foranna iontu [e.g. (a) agus (b)] a fhreagairt ar na línte faoi leith atá ann dóibh.

Áit a bhfuil spásanna ar leith curtha ar fáil, agus go gcuirtear dhá fhreagra nó níos mó ar aon líne amháin, breathnaítear air seo mar fhreagra amháin agus tugtar marc dá réir.

Ní bhronnfar marc as aon fhoroinn bhreise ach nuair a chealaítear ceann de na freagraí roimhe sin ar an gceist.

Pionóis:

1. Farasbarr ábhair: -1 nó -2 mharc.

2 Gearrfar pionós lúide 1 ar a mhéad in aghaidh na ceiste/na míre as gach earráid eile. Áirítear orthu seo:

- Athfhriotal míchuí.
- Ionramháil nuair nach mbíonn gá leis.
- Earráidí teanga / gramadaí san ionramháil.
- Nuair a bhíonn gá le hionramháil agus nach dtugtar faoi.
- Freagraí tugtha sa teanga mhícheart, e.g. freagraí i nGaeilge/Béarla nuair a theastaíonn an Fhraincis, mar a bheadh sa Compréhension Écrite; míreanna cheist 6 á bhfreagairt as Fraincis.

**Nóta: D'fhéadfadh sé go ngearrfaí an pionós as farasbarr in éineacht le haon cheann de na pionóis a luaitear in 2 thuas.**

## C.1 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart sna Ceisteanna 1(i), 2(i) agus 5(ii).**

**1.(i) ……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Quel temps fait-il à Chignat à 9h30 ? (Section 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- (9h30) La pluie tombe (sur le chapiteau du Cirque Rozel, installé dans la ville de Chignat) (Abairt iomlán)………….…………………………..………………….............. 5 Mharc
- Il pleut / (Il y a de) la pluie ……………………………………………………..... 5 Mharc
- Pluie………………………………………………………………………….….. 4 Mharc
- Il fait mauvais…………………………………………………………………… 3 Mharc
- Il fait mal……………………………………………………………………….... 0 Marc

**Nóta: Glac leis an aimsir chaite, e.g. Il pleuvait / Il a plu / Il avait plu.**

**1.(ii)…………………………………………………………………………………….…. 5 Mharc**

*Selon Alexis, pourquoi est-ce une période difficile pour lui cette année ? (Section 1)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Il y a moins de personnes (au cirque) / spectateurs (que dans le passé) ………….. 5 Mharc
- (Dans le passé,) en moyenne, on avait 90 personnes (au cirque) / spectateurs, (mais) cette année on en a souvent juste 30……………………………………………………. 5 Mharc
- (Mais cette année,) on a / il y a souvent juste 30 personnes (au cirque) / spectateurs………………………………………………………………………..4 Mharc
- (Dans le passé,) en moyenne, on avait 90 personnes (au cirque) / spectateurs……..3 Mharc
- (mais cette année) on en a souvent juste 30……………………………………….. 3 Mharc

**Nóta: Má fhágtar "souvent" ar lár thuas, lúide 1 Mharc.**

**2.(i)………………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Trouvez le détail qui montre que personne d'autre ne travaille dans le cirque à part les membres de la famille Rozel. (Section 2)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- aucun employé…………………………………………………………………... 5 Mharc
- \- Des parents, trois enfants, aucun employé, et des tas de cousins………………….. 4 Mharc
- \- (Le Cirque Rozel est) une histoire de famille…………………………….…..... 4 Mharc

**2.(ii)……………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Relevez l'expression qui explique pourquoi Nancy fait le travail administratif. (Section 2)*

- (puisqu') elle maîtrise mieux l'écriture qu'Alexis……………………………..... 5 Mharc
- \- (puisqu') elle maîtrise mieux l'écriture …………………………………………… 4 Mharc
- \- elle s'occupe aussi des trois enfants et des tâches administratives puisqu'elle maîtrise mieux l'écriture qu'Alexis…………………………………………………….…3 Mharc
- \- elle s'occupe aussi des trois enfants et des tâches administratives puisqu'elle maîtrise mieux l'écriture……………………………………………………………. 2 Mharc

**3.(i)……………………………………………………………………..……… 5 Mharc**

*Trouvez dans la troisième section un adjectif au féminin singulier.*

- Sa……………………………………………………………………………….. 5 Mharc
- Propre…………………………………………………………………………… 5 Mharc
- Sa propre……………………………………………………………………….... 5 Mharc

**Nóta: Bronn 5 Mharc nó 0 Marc.**

**3.(ii)……………………………………………………………………..………….. 5 Mharc**

*Selon la troisième section, dans les années 1960-1970,*

*(a) les cirques passaient toute la journée dans un seul village*
*(b) les clients regardaient la représentation debout, dans les villages*
*(c) Marco jouait d'un instrument de musique dans les villages*
*(d) les véhicules avaient parfois du mal à circuler dans les villages.*

- (d)……………………………………………………………………………….. 5 Mharc

**4.(i)…………………………………………………………………………………. 5 Mharc**

*Citez une phrase qui montre qu'il n'y a pas d'animal féroce dans le cirque. (Section 4)*

- Ni lion, ni tigre, ni éléphant……………………………………………………….. 5 Mharc
- Deux chevaux, des chèvres, des chiens et des colombes………………………….. 5 Mharc
- \- Rien de très exotique………………………………………………………………. 4 Mharc

**4.(ii)……………………………………………………………………..……… 5 Mharc**

*Comment Alexis se comporte-t-il envers les animaux dans son cirque ? (Section 4)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- (Il aime ses / les animaux.) Il ne les frappe pas / Il ne frappe pas ses animaux….. 5 Mharc
- \- (J'aime mes animaux.) Je ne les frappe pas / Je ne frappe pas mes animaux…….. 4 Mharc
- \- Il aime ses / les animaux………………………………………………………… 3 Mharc
- \- Il les aime……………………………………………………………………….. 3 Mharc
- \- On a des contrôles de vétérinaires et des certificats……………………………….. 3 Mharc
- \- J'aime mes animaux……………………………………………………………….. 2 Mharc
- \- Je les aime………………………………………………………………………. 2 Mharc

**5.(i)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Qu'est-ce qu'Alexis a fait pour attirer des spectateurs à la représentation à Dallet ? (Section 5)*

**Ionramháil cheart ag teastáil.**

- Il / Alexis a déposé des affichettes (du cirque) au bord de la route / plusieurs jours à l'avance…………………………………………………………………….. 5 Mharc

- Les affichettes (du cirque) apparaissent au bord de la route. Déposées plusieurs jours à l'avance par Alexis……………………………………………………….…… 4 Mharc
- Il / Alexis a déposé des affichettes (du cirque) ……………………………........... 4 Mharc
- Bientôt, les affichettes (du cirque) apparaissent au bord de la route. Déposées plusieurs jours à l'avance par Alexis……………………………………….......................... 3 Mharc
- Les affichettes (du cirque) apparaissent au bord de la route……………………… 3 Mharc
- Bientôt les affichettes (du cirque) apparaissent au bord de la route………………. 2 Mharc
- Bientôt, les affichettes (du cirque) apparaissent au bord de la route. Déposées plusieurs jours à l'avance par Alexis, elles seront enlevées après la représentation. (Dhá abairt iomlána)……………………………………………………………..…….. 2 Mharc
- Déposées plusieurs jours à l'avance par Alexis, (elles seront enlevées après la représentation)…………………………………………………………..…. 2 Mharc

**5.(ii)…………………………………………………………………………………. 5 Mharc**

*Qu'y a-t-il de différent entre le démontage du chapiteau à Chignat et son remontage à Dallet ? (Section 5)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí <u>NÓ</u> le hionramháil cheart.**

- Il n'y a pas de cousins à Dallet / pour le remontage.……………………………… 5 Mharc
- Il y a / avait des cousins à Chignat / pour le démontage………………………..…..5 Mharc
- Il faut / faudra tout faire à trois à Dallet / pour le remontage …………………….. 5 Mharc
- Cette fois, pas de cousins…………………………………………………….... 5 Mharc

- Il faut / faudra tout faire à trois …………………………………………………… 4 Mharc
- Pas de cousins……………………………………………………………….... 4 Mharc
- Alexis, Nancy et Marco commencent à remonter le chapiteau ………………….….. 4 Mharc
- Puis, Alexis, Nancy et Marco commencent à remonter le chapiteau……………. 3 Mharc

**6……………………………………………………………………………………... 5 + 5 Mharc**

*Tá saol an tsorcais dian ar Alexis agus a theaghlach. An aontaíonn tú leis sin? Déan tagairt don téacs chun tacú le do fhreagra. (Dhá phointe, thart ar 50 focal san iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu:**

**Aon dá cheann ar bith de na pointí seo a leanas:**

- Bíonn níos lú daoine ag freastal ar an sorcas.
- Déanann siad dhá sheó gach lá.
- Déanann siad féin an obair ar fad – níl aon fhostaithe acu.
- Bíonn a lán scileanna éagsúla ag teastáil.
- Bíonn a lán obair chrua fhisiciúil le déanamh.
- Bíonn a lán dualgais éagsúla ar Nancy.
- Ba chosúil go raibh tuilleadh "rómáns" ag baint leis an sorcas san am atá thart.
- A lán maorlathais anois – ceadanna ag teastáil ó halla an bhaile, leas ainmhithe, & srl.
- Déanann Alexis an obair thionscnaimh ar fad.
- Bíonn an aimsir éiginnte.

& Srl., srl.

- Is gnó teaghlaigh é agus baineann a lán traidisiún leis.
- Bíonn an áit lán go doras ó am go ham.
- Bíonn cineálacha éagsúla oibre i gceist.
- Tá cuimhní sásta acu ar an am a chaith siad roimhe seo ar an mbóthar.
- Tá gean acu ar na hainmhithe agus caitheann siad go maith leo.
- Taitníonn an tsaoirse a ghabhann lena modh maireachtála leo.

&Srl., srl.

## C.2 (60 marc)

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart i gCeisteanna 1(ii), 2(i), 3(i), 3(ii) & 5(i).**

**1.(i)……………………………………………………………………………………..…….. 5 Mharc**

*Trouvez l'expression qui veut dire que Georges devenait de moins en moins compréhensif. (Section 1)*

- Georges se montrait de plus en plus intolérant …………………………………… 5 Mharc

- À mesure que ses filles grandissaient, Georges se montrait de plus en plus intolérant…………………………………………………………………………... 4 Mharc
- de plus en plus intolérant…………………………………………………………….. 4 Mharc

**Nóta: Ná gearrtar pionós má bhíonn « avec elles » san áireamh.**

**1.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Quelle était l'attitude de Georges envers les jeunes hommes qui admiraient sa fille aînée ? (Un exemple) (Section 1)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- Il les critiquait (et déplorait leur manque de culture)……………………………... 5 Mharc
- Il déplorait leur manque de culture ……………………………………………….. 5 Mharc
- Il critiquait les garçons / les jeunes hommes (qui s'intéressaient à Sophie, et déplorait leur manque de culture)……………………………………………………………..….. 5 Mharc

- Il critiquait aussi les garçons / les jeunes hommes (qui s'intéressaient à Sophie, et déplorait leur manque de culture)..……………………………………………………… 4 Mharc

**2.(i)………………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Dans la deuxième section, qu'est-ce que Georges a défendu à ses filles de faire ?*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- (Il / Georges leur interdit / a interdit / a défendu d') aller à la grande fête (organisée à Chaville) par leurs cousins……………………………………………………. 5 Mharc
- Lorsqu'elles furent / ont été invitées à la grande fête (organisée à Chaville par leurs cousins), Georges leur interdit / a interdit d'y aller…………………………..…… 5 Mharc

- Georges leur interdit / a interdit d'y aller……………………………………….... 3 Mharc
- à la grande fête (organisée à Chaville par leurs cousins)……………………….…… 2 Mharc

**Nóta: Má bhíonn** *Donc* **san áireamh, lúide 1 Mharc.**

**2.(ii) ……………………………………………………………………………………… 5 Mharc**

*Citez la phrase qui indique que les deux filles ont participé à la conversation au cours du repas. (Section 2)*

- Pendant le dîner, Lisbeth et Sophie s'efforcèrent de répondre aimablement aux questions qu'on leur posait…………………………………………………………………… 5 Mharc

- Lisbeth et Sophie s'efforcèrent de répondre aimablement aux questions qu'on leur posait……………………………………………………………………………. 4 Mharc
- Lisbeth et Sophie s'efforcèrent de répondre aimablement aux questions…………. 3 Mharc
- Lisbeth et Sophie s'efforcèrent de répondre (aimablement)………………………. 2 Mharc

**3.(i)…………………………………………………………………………..………. 5 Mharc**

*Pourquoi Georges s'est-il mis en colère le soir du dîner ? (Section 2)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- (Parce que) sitôt le dessert pris, Sophie et Lisbeth / les filles / ses filles / elles demandèrent à monter se coucher…………………………………………………………….. 5 Mharc
- (Parce que) Sophie et Lisbeth / les filles / ses filles / elles ont disparu de si bonne heure ……………................................................................................................ 5 Mharc

- À cause du manque de savoir-vivre de Sophie et Lisbeth / des filles / de ses filles… 4 Mharc
- Mais sitôt le dessert pris, Sophie et Lisbeth / les filles / ses filles / elles demandèrent à monter se coucher……………………………………………………….……. 4 Mharc
- Georges, fâché qu'elles aient disparu de si bonne heure …………………………. 4 Mharc
- À cause de leur manque de savoir-vivre……………………………………………3 Mharc
- Lorsque les invités furent partis, Georges, fâché qu'elles aient disparu de si bonne heure, monta voir ses filles avec l'intention de les gronder à cause de leur manque de savoir-vivre (Abairt iomlán)…………………………………………………………….. 3 Mharc

**Nóta: Má fhágtar « sitôt le dessert pris » ar lár, lúide 2 Mharc.**

**3.(ii)…………………………………………………………………..…………... 5 Mharc**

*Combien de temps les parents ont-ils mis pour arriver chez les cousins ? (Section 3)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- Moins d'un quart d'heure……………………………………………………. 5 Mharc

- En moins d'un quart d'heure ………………………………………………… 4 Mharc
- un quart d'heure ……………………………………………………………4 Mharc
- d'un quart d'heure……………………………………………………………. 3 Mharc
- Georges et Martha……. d'heure (Abairt iomlán)……………………..……….. 3 Mharc

**4.(i)……………………………………………………………………………………….…. 5 Mharc**

*Selon la troisième section,*

- *(a) Martha et Georges ont essayé de fermer les volets de la maison*
- *(b) Martha s'est disputée avec ses filles à cause de la musique*
- *(c) Martha est entrée seule dans la maison pour retrouver les filles*
- *(d) Martha et Georges ignoraient où leurs filles étaient allées.*

- (c)………………………………………………………………………………….. 5 Mharc

**4.(ii)……………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Relevez l'expression qui explique pourquoi la sœur cadette n'avait pas crainte de s'en aller. (Section 4)*

- Lisbeth rêvait de voyages et de contrées lointaines……………………………..… 5 Mharc
- Comme Lisbeth rêvait de voyages et de contrées lointaines, partir ne lui faisait pas peur……………………………………………………………………………… 4 Mharc
- Comme Lisbeth rêvait de voyages et de contrées lointaines………………………. 4 Mharc
- Lisbeth rêvait de voyages………………………………………………………. 3 Mharc
- Lisbeth rêvait de contrées lointaines………………………………………………. 3 Mharc
- Elle pensait qu'il serait facile pour les deux filles de vivre à la campagne incognito, (le temps de trouver un petit travail)………………………………………………. 2 Mharc

**5.(i)………………………………………………………………………………………….. 5 Mharc**

*Qu’est-ce que Sophie et Lisbeth ont fait pour fuir la maison sans éveiller de soupçons ? (Section 4)*

**Glactar le hathfhriotal díreach cuí NÓ le hionramháil cheart.**

- (Huit jours plus tard, à l’heure habituelle,) les deux filles / elles ont fait / firent semblant de partir pour le lycée……………………………………………………………… 5 Mharc
- (Huit jours plus tard,) les deux filles / elles ont fait / firent semblant de partir…… 0 Marc

**5.(ii)………………………………………………………………………………….…. 5 Mharc**

*Trouvez dans la quatrième section un verbe pronominal.*

- S’enfuir……………………………………………………………………………. 5 Mharc
- Enfuir………………………………………………………………………………. 0 Marc

**Nóta: Bronn 5 Mharc nó 0 Marc.**

**Má thugtar “s’oppose”, bronn 5 Mharc.**

**6……………………………………………………………………………….……. 5 + 5 Mharc**

*An gceapann tú go bhfuil Georges agus Martha chomh dian céanna mar thuismitheoirí?*
*Déan tagairt don téacs chun tacú le do fhreagra. (Dhá phointe, thart ar 50 focal san iomlán.)*

**Féadfaidh iarrthóirí aontú nó easaontú agus na pointí seo a leanas á n-úsáid acu.**

<u>Georges</u>:

- Tá sé ag éirí níos éadulangaí i gcónaí ar iompar agus ar chairde na gcailíní.
- Ní féidir le Martha é a chur chun suaimhnis.
- Ní ligeann sé dóibh freastal ar chóisir a gcol ceathrair toisc gur fhan siad amuigh ní b'fhaide ná mar a bhí ceadaithe ar dhá ócáid.
- Is aige a bhíonn an cinneadh deiridh.
- D'éiligh sé go bhfanfaidís le haghaidh dinnéir ar tugadh cuireadh dá cheannasaí chuige.
- Tá an-fhearg air nuair a iarrann siad an tábla a fhágáil díreach tar éis milseoige agus imíonn sé leis chun tabhairt amach dóibh.
- Fanann sé sa charr nuair a théann Martha go teach na gcol ceathrair. B'fhéidir go síleann sí go mbeidh sé rófheargach.
- Tá sé ar buile sa charr – tá Sophie ar crith agus cinneann sí imeacht.

&Srl., srl.

<u>Martha</u>:

- Déanann sí iarracht Georges a chur chun suaimhnis uaireanta, ach ní éiríonn léi.
- Is ise a théann go teach na gcol ceathrair chun na cailíní a bhailiú.
- Ní gá do Martha ach féachaint ar na cailíní sula rachaidh siad láithreach chuig an gcarr, ní gá di aon fhocal a rá.

&Srl., srl.

# SECTION II PRODUCTION ÉCRITE (100 marc)

## Éigeantach

C. 1 (a) nó (b)

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid | 20 marc | |
| Teanga | 20 marc | |
| | | (40 marc) |

## Freagair dhá cheann de na ceisteanna 2, 3, 4

C. 2 (a) nó (b)

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc | |
| Teanga | 15 mharc | |
| | | (30 marc) |

C. 3 (a) nó (b)

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc | |
| Teanga | 15 mharc | |
| | | (30 marc) |

C. 4 (a) nó (b)

| | | |
|---|---|---|
| Cumarsáid | 15 mharc | |
| Teanga | 15 mharc | |
| | | (30 marc) |

**Nótaí**: C. 2 (a) agus (b) Níl gá le leagan amach ar leith anseo.

# GREILLE MHARCÁLA

| Cumarsáid | C. 1<br>20 marc | C. 2, 3 & 4<br>15 mharc |
|---|---|---|
| **BARR**<br>• Feidhm mhaith bainte as an ábhar spreagtha<br>• Ardleibhéal comhleanúnachais sa téacs<br>• Soiléire san argóinteacht<br>• An aidhm chumarsáide comhlíonta<br>• Gan ábhar neamhábhartha nó fíorbheagán de ann<br>• Gan mórán dearmad sa tsainréim teanga | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• Déileáil fhorásach go maith leis an ábhar spreagtha<br>• Leibhéal réasúnta comhleanúnachais sa téacs<br>• Sothuigthe ag Francach aonteangach<br>• Meas ar an iomlán ar aidhm na cumarsáide<br>• Roinnt ábhar neamhábhartha<br>• Gan an iomarca dearmad sa tsainréim teanga | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• Athscríobh amháin nó an-drochdhéileáil leis an ábhar spreagtha<br>• Easpa comhleanúnachais sa téacs<br>• Bheadh deacracht ag Francach aonteangach é a thuiscint<br>• Aidhm na cumarsáide neamhéifeachtach<br>• Cuid mhór ábhar neamhábhartha<br>• Dearmaid sa tsainréim teanga | **0 - 7** | **0 - 5** |
| **Teanga** | **C. 1<br>20 marc** | **C. 2, 3 & 4<br>15 mharc** |
| **BARR**<br>• Fraincis nádúrtha<br>• stór focal saibhir<br>• abairtí casta á láimhseáil go maith<br>• gan mórán dearmad sna briathra, san aontú ná sa litriú | **13 - 20** | **11 - 15** |
| **LÁR**<br>• stór focal leordhóthanach<br>• na briathra ceart ar an iomlán<br>• rialacha an aontaithe i gceart de ghnáth<br>• gan an iomarca dearmad sa litriú | **8 - 12** | **6 - 10** |
| **BUN**<br>• fadhbanna le stór focal<br>• formhór na mbriathra mícheart<br>• neamhaird ar riail bhunaidh an aontaithe<br>• cuid mhór dearmad sa litriú | **0 - 7** | **0 - 5** |

# TRIAIL CHLUASTUISCEANA (80 Marc)

Tuairimí ginearálta:

1. Ní gá go mbeadh pointí ar leith ar línte ar leith.
2. Ní ghearrtar aon phionós as ábhar iomarcach nach ndéanann an freagra neamhbhailí.
3. Glac le foirmiú ar bith a thugann an t-eolas atá á lorg.
4. Má fhreagraítear an Triail iomlán / roinn iomlán den Triail sa Fhraincis: marcáil de réir na Scéime Marcála, agus ansin bain 25% de na marcanna a gnóthaíodh.

Sna ceisteanna a leanas, nuair a ghnóthaítear lán marcanna i gceachtar mír, tá an marc is airde díobh le bronnadh i gcás gach míre: I, C.2; II, C.2 & 4; III, C.2; IV, C.4.

**Roinn I (12 Mharc)**

**1.**

*Cén fáth nach raibh Sabine ábalta glaoch fóin a chur ar a tuismitheoirí oíche amháin sa Bhruiséil?*

- Bhí ceallra a fóin phóca caite / bhí a fón póca marbh / ní raibh aon cheallra (aici).... 3 Mharc
- Ní raibh (sí) ábalta a fón póca / a fón a úsáid…………………………………….... 2 Mharc
- Ní raibh fón póca / fón (aici)……………………………………………………. 0 Marc

**2. (a) & (b)**

*Luaigh an dá fhadhb a bhí ag Ahmed ag an aerfort san Ailgéir.*

**Dhá cheann díobh seo (i.e. ceann amháin ó “Bagáiste” agus ceann amháin ó “Eitleán mall”.)**

**Bagáiste**

- Bhí air táille bhreise / formhuirear / forlíonadh a íoc (mar go raibh a bhagáiste róthrom) ...........…………………………………………………………..………………..... 3 Mharc
- Bhí a bhagáiste róthrom…………………………………………………….... 3 Mharc

**Eitleán mall**

- Bhí air fanacht ar feadh ceithre huaire an chloig (mar go raibh moill ar a eitleán).... 3 Mharc
- Bhí moill ceithre huaire an chloig ar a eitleán……………………………….… 3 Mharc
- Bhí moill ar a eitleán…………………………………………….………….….. 2 Mharc
- Bhí air fanacht………………………………………………………..……..... 2 Mharc
- (Bhí sé) mall……………………………………………………...……... 0 Marc

**Nóta: Líon mícheart uaireanta an chloig, lúide 1 Mharc.**

**3.**

*Cad a thuig múinteoir Fleur ag an stáisiún traenach san Eilvéis?*

- An traein mhícheart / Níorbh í an traein cheart í……………………………….….… 3 Mharc

**Nóta: Má thugtar “traein earra” / “traein earraí”, bronn 0 Marc.**

**Roinn II  (21 Marc)**

**1.**

*Cathain a chuir Pierre Perret eolas ar Chonamara?*

**Ceann díobh seo**

- 25 bliain ó shin / 1989………………………………………………………………... 3 Mharc
- Cúig bliana is fiche ó shin…………………………………………….………… 3 Mharc

**Nóta: Má thugtar an uimhir / an bhliain mhícheart, bronn 0 Marc.**

**2.(a) & (b)**

*Cén dá rud is maith le Pierre a dhéanamh i gConamara gach lá?*

**Dhá cheann díobh seo**

- Féachaint ar éirí na gréine (os cionn na farraige)………………………….…….…… 3 Mharc
- \- Féachaint ar an ngrian………………………………………………………...... 2 Mharc

- (San iarnóin), iascaireacht ar Loch Cairib / ar loch………………………….….… 3 Mharc
- \- Iascaireacht ……………………………………………………………….……. 2 Mharc
- \- Iascaireacht san fharraige / Iascaireacht in abhainn, &srl…………………………. 1 Mharc

**3.(i)**

*Cad a deir bean Pierre faoina fear céile?*

- Tá sé ar an bhfear is falsa ar domhan le linn na laethanta saoire………………….… 3 Mharc
- \- Tá sé ar an bhfear is falsa ar domhan ……………………………………………... 2 Mharc
- \- Tá sé falsa………………………………………………………………….….… 1 Mharc

**3.(ii)**

*Cén fáth nach ndeachaigh Pierre ag snámh in Éirinn riamh?*

- Tá an t-uisce (rófhuar) fuar…………………………………………………….. 3 Mharc
- Tá sé (rófhuar) fuar / An fuacht…………………………………………………… 2 Mharc
- Tá an aimsir (rófhuar) fuar / Aimsir fhuar……………………………..……….. 0 Marc

**4.(a) & (b)**

*Cén dá rud atá ar intinn ag Pierre a dhéanamh sa Fhrainc i Meán Fómhair?*

**Dhá cheann díobh seo**

- Albam a léiriú / a thaifeadadh / a eisiúint / a dhéanamh (do leanaí)………….....… 3 Mharc
- (Dul) ar lorg beacán / beacáin a phiocadh / a bhailiú / a chnuasach (sa choill)…..... 3 Mharc
- (Dul) chuig an gcoill…………………………………………………..………... 2 Mharc
- (Dul) ar thurais bheaga……………………………………………..………... 1 Mharc

**Nóta: Toradh mícheart, e.g. caora etc., lúide 2 Mharc.**
**Má thugtar "taighde a dhéanamh" mar bhriathar le "beacáin", lúide 1 Mharc**

**Roinn III  (18 Marc)**

**1.(i)**

*Cé scríobh an dráma a bhfuil Luc ag caint air?*

- (A) m(h)úinteoir Fraincise / (A) múinteoir Fraincise / (An) Múinteoir Fraincise….3 Mharc

- (A) m(h)úinteoir / (A) múinteoir / (An) múinteoir...........………………………… 2 Mharc

**Nóta: "ollamh" = 0 Marc**
**Ábhar mícheart, lúide 2 Mharc.**

**1.(ii)**

*Cén fáth a mbeidh áthas ar athair Luc, dar le máthair Luc?*

- Rinne sé staidéar ar an drámaíocht / ar an amharclannaíocht ar an ollscoil / sa choláiste ................……………………………………………………………………… 3 Mharc

- Rinne sé staidéar ar an drámaíocht / ar an amharclannaíocht……………………... 2 Mharc

- Tá suim aige sa drámaíocht / san amharclannaíocht / is maith leis an drámaíocht / an amharclannaíocht………………………………………………………….. 1 Mharc

**Nóta: Glac le "aisteoireacht" mar fhreagra ceart.**

**2.(a) & (b)**

*Luaigh an dá rud a d'inis an stiúrthóir do Luc faoin dráma.*

**Dhá cheann díobh seo**

- Is scéal faoi (dhrong) / (bhuíon) / (ghrúpa) coirpeach é...............……….……….. 3 Mharc

- Is scéal faoi choirpeach é...................…………………………….……….... 2 Mharc

- Is scéal faoi dhrong / dhronga é....................……………………………….. 1 Mharc

- Is faoi choireacht é........………………………………………………….…..… 1 Mharc

- Tarlaíonn an eachtra / scéal / plota / sé ag tús an chéid seo a chuaigh thart / ag tús an 20ú haois......…………………………………………………………….………….. 3 Mharc

- Tarlaíonn an eachtra / scéal / plota san aois seo a chuaigh thart / 20ú haois....…… 2 Mharc

- Tarlaíonn an eachtra / scéal / plota san am atá thart..……………………….… 1 Mharc

**3.(i)**

*Cén fáth a bhfuil Luc beagán neirbhíseach?*

- (Beidh sé / Tá sé) ar an gcéad uair dó dul ar an ardán.....…………………………....  3 Mharc

- Dul ar an ardán....……………………………………………………………….  2 Mharc

- (Beidh sé / Tá sé) ar an gcéad uair dó...……………………………………………...  0 Marc

**Nóta: Glac le "i seó / ar an ardán / aisteoireacht / i ndráma" nó a leithéid.**

**3.(ii)**

*Cén fáth nach mbeidh a mháthair ábalta teacht go dtí an dráma?*

- Beidh / tá sí ag bailiú a dheirfiúr as / in Toulouse…………………..………….....  3 Mharc

- Beidh / tá sí in Toulouse ……………………………………………..………… 2 Mharc

- Tá sí ag bailiú a dheirfiúr………………………………………………………….. 2 Mharc

- Tá a dheirfiúr / a hiníon ag teacht ar ais ó na Stáit Aontaithe (an lá sin)………..… 1 Mharc

**Nóta: Glac le "a hiníon" / "a dheirfiúr".**

**Duine mícheart, lúide 1 Mharc.**

**<u>Roinn IV (21 Marc)</u>**

**1.(i)**

*Cén post a tairgeadh do Alain le déanaí?*

- Freastalaí (i mbialann)…………………………………….……………………..…… 3 Mharc
- (Post) i mbialann……………………………………..…………………………..… 1 Mharc

**1.(ii)**

*Cén fáth, a deir Alain, ar dhiúltaigh sé don phost?*

**Ceann díobh seo**

- An costas ar pheitreal / bhreosla…………………………………………...…... 3 Mharc
- Bhí sé suite 60 km ar shiúl / ón mbaile……………………………………..….. 2 Mharc
- Níorbh fhiú é…………………………………………………………….…….. 2 Mharc
- An costas ar thaisteal…………………………………………………….…….. 2 Mharc
- Bhí sé suite (rófhada) fada ar shiúl (ón mbaile)………………………………..….. 1 Mharc

**Nóta: Má thugtar an líon mícheart ciliméadar, bronn 0 Marc.**

**2.**

*Cén rud a bhfuil an pobal bréan de, dar le hAlain?*

- Polaiteoirí nach ndéanann faic…………………………………………........ 3 Mharc
- Polaiteoirí………………………………………………………………………. 2 Mharc
- Gan faic a dhéanamh / An pholaitíocht……………………………………..….. 0 Marc

**3.(i)**

*Cén fáth, a deir Carole, a bhfuil an t-ádh ar a baile beag?*

- Níl tionchar (mór) ag an gcúlú eacnamaíochta / ag an gcor chun donais eacnamaíoch (air) ...........………………………………………………………………………..…. 3 Mharc
- Níl tionchar ag an gcúlú eacnamaíochta / ag an gcor chun donais eacnamaíoch (air)... 0 Marc
- Tá tionchar (mór) ag an gcúlú eacnamaíochta / ag an gcor chun donais eacnamaíoch (air) .........………………………………………………………………………..... 0 Marc

**3.(ii)**

*Cad tá ar theaghlaigh áirithe, a aistríonn go baile beag Carole, a dhéanamh?*

- Dul ar lorg cúnaimh ó charthanais (áitiúla) / ó chumainn charthanachta (áitiúla) / ó ghrúpaí carthanachta (áitiúla)…………………………………..………………..…… 3 Mharc

- Dul ar lorg cúnaimh / carthanachta……………………………………………….. 2 Mharc

- Dul ar lorg leapacha / leapa / troscáin…………………………………………….. 1 Mharc

**4.(a) & (b)**

*Luaigh an dá rud a deir Carole faoi dhochtúirí ina ceantar.*

**Dhá cheann díobh seo**

- Stop beirt (dochtúirí) ag obair (anuraidh)…………………………………………. 3 Mharc

**Nóta: Má thugtar "ar scor", lúide 1 Mharc.**

- Tá duine (dochtúir) eile / amháin (fós) ag obair agus é 92 bliain d'aois………..…. 3 Mharc

- Tá duine (dochtúir) eile / amháin 92 bliain d'aois……………………………..…. 2 Mharc

**Nóta: Aois mhícheart = 0 Marc.**

**<u>Roinn V  (8 Marc)</u>**

**1.**

*Cén fáth a raibh ar na daoine seo i réigiún an Ardèche a dtithe a fhágáil?*

- (de bharr) tuile (mhór)…………………………………………………….….… 2 Mharc

**2.(i)**

*Cé mhéad airgid a bhí sa chlúdach?*

- 30,000 / Tríocha míle (Euro)…………………………………………….….   2 Mharc

**Nóta:  Má thugtar an uimhir mhícheart / an t-airgeadra mícheart, bronn 0 Marc.**

**2.(ii)**

*Cén áit go díreach a bhfuarthas an t airgead, dhá uair an chloig níos déanaí?*

- I mbosca bruscair ag an gcaifé……………………………………….…..…..  2 Mharc

\- Sa chaifé / Sa bhosca bruscair / i mbosca bruscair…………………………….……..  1 Mharc

**3.**

*Cén fáth ar stop na póilíní an feirmeoir tráthnóna Dé hAoine?*

- Bhí sé ag tiomáint tarracóra ar an mótarbhealach…………………………….…… 2 Mharc

\- Bhí sé ag tiomáint tarracóra (ar an mbóthar, &srl.)……………………………..…. 1 Mharc

**Nóta:  Glac le "autoroute".**

# AGUISÍN 1

# Scéim Mharcála Mhionathruithe

Cuirtear scéim mharcála mhionathraithe i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- úsáid téipthaifeadáin.
- úsáid ríomhaire agus seiceálaí litrithe air.
- úsáid scríobhaí.
- tarscaoileadh maidir le litriú agus gramadach.

Sa Fhraincis Ardleibhéil san Ardteistiméireacht ciallaíonn sé sin nach ngearrtar pionós as earráidí sa litriú ná i ngnéithe gramadaí áirithe.

## Léamhthuiscint agus Táirgeadh Scríofa

Litriú: ná cuir líne faoi fhocail atá litrithe mícheart ná a bhfuil aicinn ar lár nó mícheart orthu, fiú má chuireann sé isteach ar fhuaimniú an fhocail. Dearcaimid ar aicinn mar earráidí litrithe nach bhfuil pionós le gearradh orthu.

Gramadach: is féidir na gnéithe gramadaí nach bhfuil pionós á ngearradh orthu a aithint ach ligean ort féin go bhfuil tú ag éisteacht leis an bhfreagra ar téip nó ar dlúthdhiosca. Is ar dhearmad a thabharfaidh an chluas faoi deara amháin is cóir pionós a ghearradh.

**Sampla 1:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle a allée.* Bheadh an briathar cúnta mícheart "avoir" le cluinstin ar dlúthdhiosca, mar sin cuir líne faoi mar dhearmad agus gearr pionós dá réir.

**Sampla 2:**

Scríobhann an t-iarrthóir *Elle est allée.* **Níor chóir** líne a chur faoin easpa aontaithe ná pionós a ghearradh mar nach mbeifí tar éis é a thabhairt faoi deara ar dlúthdhiosca.

**Sampla 3:**

Don Production Écrite, má scríobhann an t-iarrthóir é seo a leanas: *Aujordui les parents ne donne pas les enfants mes responsibitiés*, ná cuir líne faoi *aujordui, donne, responsibitiés* agus ná gearr pionós orthu mar gur botúin litrithe iad sin. Cuir líne faoi *les* agus *mes* agus gearr pionós orthu mar gur earráidí gramadaí iad sin.

# AGUISÍN 2

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú **síos**.

Bain úsáid as an tábla seo i gcás an ábhair a leanas:

- **Fraincis – Ardleibhéal**

## Iomlán: 300 Gnáthráta: 5%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 225. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 226 - 226 | 11 |
| 227 - 233 | 10 |
| 234 - 240 | 9 |
| 241 - 246 | 8 |
| 247 - 253 | 7 |
| 254 - 260 | 6 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 261 - 266 | 5 |
| 267 - 273 | 4 |
| 274 - 280 | 3 |
| 281 - 286 | 2 |
| 287 - 293 | 1 |
| 294 - 300 | 0 |